Ráiteas Tosaigh Mauirce Buckley, Cathaoirleach Oifig na n-Oibreacha Poiblí

Chuig Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán den Oireachtas

Dé Máirt, 11ú Iúil 2017

Tá áthas orm teacht os bhur gcomhair inniú chun aitheasc a thabhairt don Choiste maidir le cúrsaí cóiríochta Foras na Gaeilge.

Cur síos gairid ar an OPW.

Mar is eol daoibh, tá an OPW freagrach as réimse leathan feidhmeanna. Baineann croífheidhmeanna an OPW le dá tosaíocht Cláir an Rialtais agus is iad sin

- Bainistíocht Riosca Tuile agus
- Bainistíocht na Punainne Eastáit.

Chomh maith le sin cuireann foireann ghairmiúil agus foireann theicniúil na hOifige comhairle ar fáil maidir le réimse leathan feidhmeanna ina measc caomhnú fuinnimh, cúrsaí ailtireachta agus bainistiú réadmhaoine.

Bainistíocht Riosca Tuile

Mar is eol don Chomh Coiste, is í OPW, an ghníomhaireacht threorach do bhainistíocht riosca tuile in Éirinn. Tá níos mó na €400m infheistithe ag an OPW i mbeartais Bainistíocht Riosca Tuile chun bailte agus gnóthaí trasna na tíre ar fad a chosaint. Mar chuid den Phlean Infheistíochta Caipitil tá €430 milliún curtha ar fáil ag an Rialtas do bhainistíocht riosca tuile, cionroinnt suntasach caipitil a chuireann ar chumas an OPW i gcomhar le na hÚdaráis Áitiúla leanúint leis an gClár Bainistíocht Riosca Tuile.

Bainistíocht na Punainne Eastáit

Cuimsíonn an Clár Bainistíocht na Punainne Eastáit bainstíocht, cothabháil agus forbairt punann réadmhaoin an Stáit, réimsí caomhnaithe, slánchoimeádta agus cuir i láthair Séadchomhartha Náisiúnta agus Réadmhaoine Stairiúla faoi chúram an Stáit san áireamh. Is dualgas suntasach den chlár seo riachtanais cóiríochta Ranna Lárnach Rialtais a chomhlíonadh.

Is í cóiríocht an dara costas riarachán is airde tar éis pá agus pinsin atá ag an Rialtas agus é i mbun seirbhísí a chur ar fáil. Tá tasc dúshlánach tugtha ag an Rialtas don OPW le blianta beag anuas punann eastáit an Stáit a chuíchóiriú chun an costas sin a bhainistiú de réir an éilimh do chóiriocht na Státseirbhíse.

Tá úinéireacht réadmhaoin Stáit in Éireann dílsithe do go leor údaráis agus gníomhaireachtaí eagsúla Staít agus mar thoradh ar seo is féidir modhanna difriúla agus neamhspleách a ghlacadh chun réadmhaoin a bhainistiú. Tá sí mar bhunsprioc inghnóthaithe ag an OPW an cur chuige seo a athrú chun samhail láraithe a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh punann eastáit an Stáit á bhainistiú ar bhonn comhoibríoch agus seasmhach.

Maidir le Foras na Gaeilge

Bhí Foras na Gaeilge lonnaithe i bhfoirgneamh a bhí ar léas ón OPW ag 7 Cearnóg Mhuirfean. Tháinig deireadh leis an léas in Aibreán 2015. Tar éis plé idir an dá eagraíocht, cheadaigh an OPW síneadh leis an léas i 2015, 2016, agus 2017. Cheadaigh an OPW an léas is déanai i mbliana agus beidh an Fhoras in ann fanacht san fhoirgneamh go dtí Aibreán 2018. Tá forbraíocht suntasach pleanáilte do 7 Cearnóg Mhuirfean agus an talamh teorantach leis agus de bharr sin tá seilbh ghlan den fhoirgneamh ag teastáil in Aibreán. Thairg feidhmeannaigh ó m'oifig cabhrú leis an bhForas teacht ar fhoirgnimh eile a bheadh in oiriúint don eagraíocht sin. Bhí ionaid i mBaile Bhlainséir agus Dún Laoghaire san áireamh ach ar an drochuair ní raibh ceachtar inghlactha.

Chuir Foras na Gaeilge in iúil dúinn le déanaí go bhfuil said ag tabhairt socrú chun críche maidir le ceanncheathrú nua áit eile sa chathair. Tá se curtha in iúil agam don Fhoras go bhfuilim sásta feidhmeannaigh ghairmiúla ón OPW a chur ar fáil má theastaíonn said chun cabhrú lena socruithe cuí a chur i bhfeidhm. Ce nár glacadh leis an tairiscint sin go fóill tá me thar a bheith sásta iad a chur ar fáil nuair a iarrtar iad.

Go raibh maith agat a Chathaoirligh agus chuirim fáilte roimh ceisteanna.